2025/2600

13.12.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/2600 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2025

maidir le bearta éigeandála lena dtugtar aghaidh ar na deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha arb iad gníomhaíochtaí na Rúise i gcomhthéacs an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin is cúis leo

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise 'oibríocht mhíleata speisialta' san Úcráin agus chuir fórsaí armtha de chuid na Rúise tús le hionsaí ar an Úcráin. Is sárú follasach é an t-ionsaí sin ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine. Ó shin i leith, tá an cogadh foghach ar an Úcráin ag dul in olcas go leanúnach agus tá gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha agus feachtais hibrideacha na Rúise tagtha chomh fada le críoch Bhallstáit an Aontais.

(2) Chomh maith le tionchar tubaisteach ar gheilleagar na hÚcráine, tá dúshláin eacnamaíocha thromchúiseacha lasmuigh den Úcráin ann anois de dheasca chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ghníomhaíochtaí na Rúise in aghaidh an Aontais agus leanann siad de dhúshláin eacnamaíocha thromchúiseacha a chruthú lasmuigh den Úcráin. I bhfianaise a ghaire atá an tAontas don Rúis agus don Úcráin, agus i bhfianaise chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus gníomhaíochtaí na Rúise in aghaidh an Aontais, tá geilleagar an Aontais faoina éifeacht agus meastar go leanfaidh sé de bheith faoina éifeacht fad a leanfaidh an Rúis dá cogadh foghach. Ina theannta sin, meastar gur mheasa a bheadh an éifeacht ar gheilleagar an Aontais dá rachadh an staid san Úcráin in olcas.

(3) Le cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, buaileadh buille ar gheilleagar an Aontais leis an suaitheadh tromchúiseach a rinneadh ar an soláthair, an méadú a tháinig ar an éiginnteacht agus ar na bisigh riosca, agus an laghdú san infheistíocht agus i gcaiteachas na dtomhaltóirí san Aontas. Dá thoradh sin, bhí meánfhás bliantúil OTI in 2022–2023 1,9 pointe céatadáin ní b'ísle don Bhallstát airmheánach ná mar a tuaradh i Réamhaisnéis an Fhómhair 2021 ón gCoimisiún.

(4) Go háirithe, ó thosaigh mór-ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, tá praghsanna ola, gáis agus bia imithe go mór in airde, de réir mar a bhí na margaí ag coigeartú do chaillteanas nó do chaillteanas féideartha sna honnmhairí ó dhá mhórsholáthróir tráchtearraí. Mar thoradh díreach air sin freisin, tharla suaitheadh mór i slabhraí soláthair an Aontais sna hallmhairí ón Úcráin, go háirithe gránaigh agus olaí glasraí, agus i slabhraí soláthair an Aontais sna hollmhairí chuig an Úcráin, rud a raibh tionchar an-ghéar aige ar earnálacha talmhaíochta, próiseála bia, iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais. Tá roinnt miotal agus amhábhar tar éis éirí gann, mar gheall ar an bhfogha míleata agus na bearta díoltais atá déanta ag an Rúis, rud a mhéadaíonn costais do thionscail an Aontais.

(5) I bhfianaise na dtionchar diúltach ar mhargaí fuinnimh a tháinig de bharr ghníomhaíochtaí na Rúise, tá tacaíocht do theaghlaigh agus do ghnóthais curtha ar fáil ag na Ballstáit. Bhí níos mó ná EUR 365 bhilliún i gceist leis na bearta fioscacha a ghlac na Ballstáit idir 2022 agus 2024 chun tionchar maicreacnamaíoch agus sóisialta na bpraghsanna arda fuinnimh a íoslaghdú. An 17 Márta 2023, ghlac an Coimisiún a Theachtaireacht maidir le Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe le haghaidh bearta státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine ([1]), agus ina dhiaidh sin, an 4 Iúil 2025, ghlac sé a Theachtaireacht maidir le Creat le haghaidh bearta Státchabhrach chun tacú leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan (Creat Státchabhrach i ndáil leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan) ([2]).

([1]) (2023/C 101/03).
([2]) (C/2025/3602).

(6) Le fogha na Rúise faoin Úcráin agus soláthairtí fuinnimh á n-úsáid aici mar uirlis chogaidh, cuireadh leis an bpráinn atá ann don Aontas a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite, dícharbónú na tionsclaíochta agus cur in úsáid acmhainneachtaí in earnálacha straitéiseach chun aistriú i dtreo geilleagar glan-nialasach, agus ag cur san áireamh freisin na dúshláin dhomhanda lena raibh baol go ndéanfaí infheistíochtaí sna hearnálacha sin a atreorú i bhfabhar tríú tíortha lasmuigh de LEE. Ar a leibhéal féin, tá roinnt beart déanta ag an Aontas chun freagairt ar an ngéarchéim fuinnimh, lena n-áirítear REPowerEU, arb é is aidhm dó dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glas agus neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a mhéadú. Faoi REPowerEU, cuireadh EUR 20 billiún breise ar fáil do na Ballstáit trí Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh a d'eascair as tionchar chogadh foghach na Rúise.

(7) Ina theannta sin, tá tionchar diúltach á imirt ag an Rúis ar gheilleagar agus ar ghnó an Aontais trí shócmhainní eacnamaíocha laistigh den Rúis ar le hinfheisteoirí de chuid an Aontais iad a urghabháil, a choigistiú nó a dhíol go héigeantach. Is tionchar sa bhreis é sin ar na híocaíochtaí agus na cánacha ar leithligh a thoibhítear ar eintitis agus infheisteoirí de chuid an Aontais, in éineacht le srianta suntasacha ar shaorghluaiseacht chaipitil, rud a shaobhann infheistíochtaí agus a imríonn tionchar diúltach ar chuideachtaí agus ar mhargaí. Tá na rioscaí a bhaineann le hurghabhálacha sócmhainní breise fós ard, i bhfianaise na neamhchosanta atá ann cheana agus neamhábaltacht infheisteoirí an Aontais margadh na Rúise a fhágáil. Sa chomhthéacs sin, an 30 Meán Fómhair 2025, shínigh Uachtarán Chónaidhm na Rúise foraithne maidir le díol luathaithe sócmhainní tar éis a n-urghabhála.

(8) Chomh maith le laghdú an fháis eacnamaíoch agus na cumhachta ceannaigh, tá costais fhioscacha dhíreacha mhóra ar na Ballstáit de thoradh ghníomhaíochtaí na Rúise. Tá sé sin ag tarlú le linn tréimhse ina bhfuil cúrsaí airgeadais na mBallstát fós ag téarnamh ó ghéarchéim COVID-19. Níor mhór cuid shuntasach de bhuiséad an Aontais a atreorú freisin chuig bearta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí díreacha agus indíreacha chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

(9) Cuireann na gnéithe éagsúla sin in iúl go raibh, agus go bhfuil fós, iarmhairtí díreacha agus indíreacha ar gheilleagar an Aontais ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus go bhfuil tionchar mór aige ar staid fhioscach na mBallstát. D'ainneoin na mbeart uile atá déanta ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, tá tionchar díreach agus indíreach ar fheidhmíocht eacnamaíoch an Aontais ag éifeachtaí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ag éifeachtaí ghníomhaíochtaí eile na Rúise ar chríoch an Aontais, agus tá tionchar suntasach acu ar staid fhioscach na mBallstát freisin.

(10) Is toradh í an staid eisceachtúil phráinne seo ar thosca seachtracha nach bhfuil neart ag na Ballstáit orthu agus tá tionchar tromchúiseach aici ar a ngeilleagair. Tá an baol ann gur measa fós an éifeacht a bheidh orthu mura ngníomhófar láithreach chun cumas na Rúise a theorannú a cuid ionsaithe hibrideacha thar chríoch an Aontais a threisiú. Dá bhrí sin, tá gá le freagairt thapa chomhordaithe ar leibhéal an Aontais. Ba cheart gníomhú de mheon na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit chun na hiarmhairtí éagothroma a d'fhéadfadh teacht as méadú bhagairt na Rúise a sheachaint, iarmhairtí ar na Ballstáit agus go háirithe ar na Ballstáit sin is gaire do theorainneacha na Rúise agus na hÚcráine. Tá an fhreagairt seo gan dochar do bhearta iomchuí arna nglacadh ag an gComhairle faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála maidir le bearta sriantacha in aghaidh na Rúise.

(11) Tagann an gá seo le gníomhaíocht phráinneach as an meath mór atá tagtha le déanaí ar an staid slándála san Úcráin agus sna Ballstáit, ar fíorbhagairt é ar chobhsaíocht staid eacnamaíoch an Aontais agus atá ag brath go mór ar pharaiméadair éagsúla agus ar san gcaoi a bhforbróidh siad in imeacht ama.

(12) I bhfianaise phráinn na staide thuas, is iomchuí toirmeasc a chur, ar bhonn sealadach, ar aon aistriú díreach nó indíreach sócmhainní agus cúlchistí a dhéanamh ó Bhanc Ceannais na Rúise, nó ó aon duine dlítheanach, aon eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Rúise nó faoina threoir, ar nós Chiste Rachmais Náisiúnta na Rúise ('Banc Ceannais na Rúise nó eintitis ghaolmhara'), chun a áirithiú nach n-aistreofar sócmhainní agus cúlchistí Bhanc Ceannais na Rúise nó eintiteas gaolmhar chuig Banc Ceannais na Rúise nó eintitis ghaolmhara nó chun tairbhe dó agus, sa deireadh, chuig an Rúis féin nó chun tairbhe di.

([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(13) Ba cheart aistriú cistí chuig an Rúis a chosc mar ábhar práinne chun an damáiste do gheilleagar an Aontais a theorannú. Is é an caiteachas míleata is chúis, cuid mhór, le fás láidir na Rúise ó bhí 2022 ann, ach tá laghdú mór tagtha ar luas leathnú eacnamaíoch na Rúise in 2025. Léiríonn an moilliú sin, inter alia, drochthionchar na míchothromaíochtaí carntha, go háirithe boilsciú ard agus rátaí úis arda. Tá staid fhioscach na Rúise tar éis dul in olcas a thuilleadh in 2025, toisc go bhfuil laghdú tagtha ar phraghsanna ola, gur tháinig luachmhéadú ar rúbal na Rúise agus gur géaraíodh an athuair ar iarrachtaí smachtbhannaí an Iarthair. I bhfianaise sheasamh fioscach na Rúise, is féidir a mheas go n-úsáidfear aon acmhainn bhreise a gheofar go díreach chun maoiniú a dhéanamh ar a cogadh foghach gan chúis gan údar ar an Úcráin, lena mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ann don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit.

(14) Chruthódh sé sin deacrachtaí tromchúiseacha do gheilleagar an Aontais ar dhá phríomhchúis.

(15) Ar an gcéad dul síos, chuirfeadh aistriú acmhainní breise chuig an Rúis leis an mbaol go dtiocfadh méadú ar ghníomhaíochtaí troda hibrideacha atá dírithe ar na Ballstáit agus ar chríoch na mBallstát, rud a chruthódh suaitheadh eacnamaíoch breise agus costais fhioscacha agus eacnamaíocha bhreise, agus a chuirfeadh leis an éiginnteacht eacnamaíoch. Sna conclúidí uaithi an 26 Meitheamh 2025, cháin an Chomhairle Eorpach go láidir gach cineál gníomhaíochta hibridí, go háirithe an feachtas hibrideach leanúnach atá ar siúl ag an Rúis, lena n-áirítear an tsabaitéireacht, suaitheadh a dhéanamh ar an mbonneagar criticiúil, cibirionsaithe, ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis, agus iarrachtaí an bonn a bhaint den daonlathas, lena n-áirítear sa phróiseas toghchánach. Sna conclúidí sin, thug an Chomhairle Eorpach dá haire go leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit dá n-athléimneacht a neartú agus de bhagairtí hibrideacha na Rúise a chosc agus a dhíspreagadh agus go leanfaí de bheith ag freagairt orthu.

(16) Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann an Rúis as gníomhaíochtaí hibrideacha chun iarracht a dhéanamh ní hamháin an Úcráin a dhíchobhsú ach na Ballstáit agus an tAontas a dhíchobhsú chomh maith (mar shampla trí shabaitéireacht, ladrainn, spiaireacht eacnamaíoch, cur isteach ar phróisis toghcháin agus feachtais mhífhaisnéise). Sa chomhthéacs seo, tá dochar díreach ó thaobh costais de déanta don Aontas agus dá Bhallstáit agus gnólachtaí agus aghaidh á tabhairt acu ar fheachtas hibrideach na Rúise.

(17) Mura gcuirtear toirmeasc ar aistriú sócmhainní agus cúlchistí de chuid Bhanc Ceannais na Rúise nó eintiteas gaolmhar, is dócha go bhféadfaí na hacmhainní sin a úsáid chun tacú le feachtas hibrideach na Rúise, rud a chuirfeadh leis na deacrachtaí eacnamaíocha san Aontas. Mar shampla, le roinnt seachtainí anuas sáraíodh an t-aerspás os cionn na Beilge, na hÍsiltíre, na Polainne, na Rómáine, na Danmhairge, na hEastóine, na Gearmáine, na Liotuáine agus na Laitvia. Is patrún iad na teagmhais sin, ní de thimpiste a tharla siad agus tá an baol ann go ndéanfaí iad a ghéarú i gcás aistriú sócmhainní agus cúlchistí chuig nó chun tairbhe do Bhanc Ceannais na Rúise nó eintitis ghaolmhara agus, ar deireadh, chuig an Rúis féin nó chun tairbhe di.

(18) Ar an dara dul síos, tá an baol ann, le hinfhaighteacht cistí breise do chogadh foghach na Rúise, go gcuirfí fad leis an éiginnteacht eacnamaíoch agus go ndéanfaí níos measa í agus d'fhágfadh sé go mbeidh gá le freagairt fhioscach níos mó ón Aontas agus óna Bhallstáit chun tacú leis an Úcráin agus le geilleagar an Aontais.

(19) Aithnítear sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2025 gur dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus na hiarmhairtí atá aige ar shlándáil na hEorpa agus ar an tslándáil dhomhanda i dtimpeallacht atá ag athrú. Léirítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún dar teideal 'An tSíocháin a Chaomhnú – Treochlár Ullmhachta Cosanta 2030' ([4]) gurb í an Úcráin an chéad líne chosanta atá ag an Eoraip i gcónaí agus gur dlúthchuid d'ollstruchtúr cosanta agus slándála na hEorpa í.

(20) Sa chomhthéacs seo, dá leanfadh cogadh foghach na Rúise ar aghaidh, is féidir coinne a bheith leis go mbeadh na hiarmhairtí ar gheilleagar an Aontais níos déine fós i gcás nach mbeadh an Úcráin in ann tacú leis na hiarrachtaí fioscacha is gá chun leanúint dá cuid iarrachtaí cogaidh. Dá mbrisfí ar an Úcráin, ba mhó an baol go dtabharfadh an Rúis fogha, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí hibrideacha, faoi cheann de na Ballstáit nó faoi thír i gcomharsanacht na hÚcráine, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí, rud a mbeadh iarmhairtí láithreacha aige, idir dhíreacha agus indíreacha, níos mó ná riamh cheana, ar staid slándála agus eacnamaíoch an Aontais. Le staid den sórt sin, mhéadófaí leibhéal na héiginnteachta d'oibreoirí eacnamaíocha a thuilleadh. Is dócha go mbeadh an tionchar sin níos déine sna Ballstáit atá níos gaire do theorainneacha na hÚcráine, na Rúise agus na Bealarúise. Tugtar le fios in anailís eacnaiméadrach a rinne an Coimisiún le déanaí go raibh fás OTI in 2022-2023 1,4–1,8 pointe céatadáin ní b'ísle cheana féin sna Ballstáit a bhfuil teorainn acu leis na tíortha atá i mbun cogaidh i gcomparáid le meán an Aontais mar gheall ar an gcogadh, agus nár mhaolaigh na caillteanais ach beagán nuair a chuirtear 2024 san áireamh.

([4]) JOIN(2025) 27 final.

(21) I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2025, géaraíodh arís ar ionsaithe aeir na Rúise a bhí ag díriú ar líonraí iompair, ar limistéir chónaithe agus ar bhonneagar fuinnimh san Úcráin. Sheol an Rúis seacht n-ionsaí mórscála ina raibh diúracáin agus ladrainn fadraoin, rud a chuir isteach go mór ar tháirgeadh fuinnimh na hÚcráine agus a d'fhág go raibh gá le hallmhairí breise gáis don séasúr téimh. An 7 Samhain agus an 24 Samhain istoíche a tharla na hionsaithe ba thubaistí, ionsaithe inar úsáideadh os cionn 500 ladrann agus diúracán, agus 464 ladrann agus 22 dhiúracán faoi seach. De réir na bhfigiúirí a chuir Misean Faireacháin na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine san Úcráin i láthair an 25 Samhain 2025, tháinig méadú 26 % ar an líon taismeach sibhialtach i gcathracha móra in 2025 (Eanáir go Deireadh Fómhair) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus tháinig méadú 75 % ar ghortuithe sibhialtacha le linn na tréimhse sin. Ó thosaigh mór-ionradh na Rúise, maraíodh 14 534 shibhialtach ar a laghad, lena n-áirítear 745 leanbh, agus gortaíodh ar a laghad 38 472 shibhialtach, lena n-áirítear 2 349 leanbh.

(22) Thairis sin, mar gheall ar fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin, tá easáitiú mór saoránach Úcránach ann cheana go hinmheánach agus i dtíortha comharsanachta, agus tá an t-insreabhadh daoine easáitithe ón Úcráin is mó riamh ag teacht chuig an Aontas, rud a bhfuil iarmhairtí móra daonnúla agus eacnamaíocha ag baint leis do na Ballstáit. Go háirithe, tá iarracht fhioscach thábhachtach déanta ag an Aontas agus a Bhallstáit chun daoine easáitithe ón Úcráin a óstáil, agus tá an iarracht fhioscach thábhachtach sin fós á déanamh acu. Mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin tá iallach curtha ar na milliúin duine teitheadh óna dtír chun na sábháilteachta, i dtreo na mBallstát den chuid is mó. Faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2025, bhí cosaint shealadach faighte ag 4,3 milliún saoránach nach saoránaigh den Aontas iad a theith ón Úcráin faoi Threoir (AE) 2001/55/AE ón gComhairle ([5]). Ó bhí 2022 ann, meastar gurb é thart ar 0,2 % de OTI in aghaidh na bliana an t-ollchostas fioscach don Aontas a bhaineann le daoine easáitithe ón Úcráin a óstáil agus léiríonn meastacháin éagsúla go bhféadfadh na costais fhioscacha ar na Ballstáit sa tréimhse idir 2022 agus 2025 a bheith os cionn EUR 155 bhilliún. Mar thoradh ar ghéarú breise ar chogadh foghach na Rúise, d'fhéadfadh an baol a bheith ann go mbeidh insreabhadh tobann ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin nó daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu ann.

(23) Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na Rúise san Úcráin, ar bagairt dhíreach iad ar an staid slándála san Aontas, bhí ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a n-infheistíochtaí i gcumais chosanta a mhéadú ar bhealach suntasach. Ó thosaigh cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, tá méadú thart ar 0,25 pointe céatadáin tagtha ar chóimheas caiteachais cosanta an Aontais le OTI, a shroich 1,5 % OTI in 2024 (nó thart ar EUR 270 billiún). An 28 Bealtaine 2025, ghlac an Chomhairle, mar bheart éigeandála, Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle ([6]) arb é is aidhm dó cúnamh airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit chun go mbeidh siad in ann tacú lena n-ullmhacht thionsclaíoch i réimse na cosanta. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Fhómhair 2025 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú breise thart ar 0,5 pointe céatadáin ar chaiteachas cosanta faoi 2027, nuair a shroichfeadh sé 2,0 % OTI (nó thart ar EUR 405 bhilliún). Sa bhreis ar na hiarmhairtí eacnamaíocha sin do gheilleagar an Aontais arb é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin is cúis leo, tá an Rúis féin ag cruthú tionchair eacnamaíocha dhíreacha ar gheilleagar an Aontais trína gníomhaíochtaí. Dhéanfaí é sin níos measa go millteanach tobann dá mbeadh rochtain ag an Rúis ar chistí breise sa chás nach raibh aon toirmeasc ar aistrithe a dhéanamh.

(24) I bhfianaise an mhéid sin thuas ar fad, is iomchuí é a áirithiú go gcuirfear toirmeasc ar aistriú sócmhainní agus cúlchistí de chuid Bhanc Ceannais na Rúise nó eintiteas gaolmhar chuig nó chun tairbhe do Bhanc Ceannais na Rúise nó eintitis ghaolmhara agus, ar deireadh, chuig an Rúis féin nó chun tairbhe di, chun tuilleadh iarmhairtí, ar mheasa fós iad, a sheachaint ar staid eacnamaíoch an Aontais mar gheall ar ghníomhaíochtaí na Rúise. A mhéid atá sé teoranta ó thaobh ama de agus atá sé inchúlaithe, ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a shaothrú.

(25) Sna himthosca atá ann, is iomchuí freisin go ndéanfaidh na hinstitiúidí airgeadais a shealbhaíonn sócmhainní agus cúlchistí de chuid Bhanc Ceannais na Rúise nó eintiteas gaolmhar na hiarmhéideanna airgid atá ag carnadh de réir mar a aibíonn na sócmhainní a bhainistiú ar leithligh.

(26) Tá na bearta sonracha a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do shócmhainní Bhanc Ceannais na Rúise arb é atá iontu éileamh in aghaidh institiúidí airgeadais de chuid an Aontais atá faoi réir srianta aistrithe. Ní bheidh tionchar ag na bearta dá bhforáiltear faoin Rialachán seo ar úinéireacht na sócmhainní sin. Na hiarmhéideanna airgid arna gcarnadh ar chláir chomhardaithe na n-institiúidí airgeadais a shealbhaíonn sócmhainní agus cúlchistí de chuid Bhanc Ceannais na Rúise mar thoradh ar an toirmeasc ar aistrithe chuig Banc Ceannais na Rúise nó chun tairbhe dó, ní le Banc Ceannais na Rúise iad agus ní sócmhainní ceannasacha iad. Is toirmeasc sealadach, inchúlaithe agus faoi réir measúnú rialta é an toirmeasc ar aistrithe sócmhainní agus cúlchistí Bhanc Ceannais na Rúise nó eintiteas gaolmhar.

([5]) Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/55/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

(27) Leis na bearta breise sin, cuirtear oibleagáidí nua ar na hinstitiúidí airgeadais a shealbhaíonn sócmhainní agus cúlchistí de chuid Bhanc Ceannais na Rúise nó eintiteas gaolmhar chun na hiarmhairtí eacnamaíocha don Aontas arb é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin is cúis leo a mhaolú. I bhfianaise an chomhthéacs ina ndéantar na bearta sin agus ós rud é go saothraítear leis na bearta sin cuspóir beartais phoiblí chun meathlú gheilleagar an Aontais i ngéarchéim shlándála a sheachaint, urramaítear go hiomlán leis na bearta sin na cearta agus na saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe Airteagal 17 arna léamh i gcomhréir le hAirteagal 52 di, ós rud é go bhfuil údar leo agus go bhfuil siad comhréireach leis an gcuspóir atá á saothrú.

(28) Ba cheart na bearta atá nasctha leis an toirmeasc ar aistrithe sócmhainní nó cúlchistí Bhanc Ceannais na Rúise nó eintiteas gaolmhar a bheith sealadach i gcónaí. Ba cheart iad a choinneáil ar bun fad a bheidh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha san Aontas agus sna Ballstáit ag baint le cur ar fáil acmhainní suntasacha airgeadais agus eile don Rúis chun leanúint dá gníomhaíochtaí i gcomhthéacs a cogaidh fhoghaigh ar an Úcráin, nó fad a bhfuil bagairt ann go bhféadfadh na deacrachtaí sin a bheith ann, agus fad a bheidh an baol fós ann go dtiocfaidh tuilleadh meatha tromchúisigh ar an staid eacnamaíoch san Aontas agus sna Ballstáit. Is iomchuí, dá bhrí sin, scor de na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcás ina gcuirfidh an Rúis deireadh lena cogadh foghach ar an Úcráin, ina soláthróidh sí cúiteamh don Úcráin a mhéid is gá chun go bhféadfar atógáil a dhéanamh gan iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais don Aontas agus inar scoir gníomhaíochtaí na Rúise i gcomhthéacs a cogaidh fhoghaigh ar an Úcráin go hoibiachtúil de bheith ina riosca tromchúiseach go mbeidh deacrachtaí tromchúiseacha ann do gheilleagar an Aontais agus a Bhallstát. Chun na críche sin, ba cheart don Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, ar cheart dó an tuarascáil ón gCoimisiún a chur san áireamh ar bhonn an athbhreithnithe bhliantúil ar an Rialachán seo, an Rialachán seo a leasú, lena n-áirítear trí fhorálacha foirceanta iomchuí, fíor-riachtanacha agus sealadacha a leagan síos chun leasanna dlisteanacha oibreoirí an Aontais agus na mBallstát a chosaint, lena n-áirítear tráthchlár iomchuí chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh tar éis deireadh a chur leis na bearta. Go háirithe, chun deimhneacht dhlíthiúil agus foirceannadh ordúil a áirithiú, ba cheart rialacha a bhunú maidir leis an amlíne agus na módúlachtaí a bhaineann le haisíoc iarmhéideanna airgid.

(29) An gá atá le cobhsaíocht airgeadais an Aontais a áirithiú agus tábhacht shistéamach na dtaisclann lárnach urrús a choimirciú ar mhaithe le feidhmiú na margaí urrús, ba cheart é sin a chur san áireamh agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.

(30) I bhfianaise mhéid na géarchéime, leibhéal a tionchair shóisialta, eacnamaíoch agus airgeadais agus gur gá gníomhú a luaithe is féidir, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(31) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo bearta éigeandála eisceachtúla sealadacha lena dtugtar aghaidh ar na deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha san Aontas a eascraíonn as gníomhaíochtaí na Rúise i gcomhthéacs a chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin agus an baol go dtiocfaidh tuilleadh meatha ar an staid eacnamaíoch san Aontas. Is é is aidhm do na bearta sin meath tromchúiseach ar chobhsaíocht eacnamaíoch an Aontais agus a Bhallstát a sheachaint trí chosc a chur ar acmhainní suntasacha a chur ar fáil don Rúis chun leanúint dá gníomhaíochtaí i gcomhthéacs an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin.

Airteagal 2

Aistriú a thoirmeasc

1. Aon aistriú díreach nó indíreach sócmhainní nó cúlchistí de chuid Bhanc Ceannais na Rúise nó de chuid aon duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Rúise, nó faoina stiúir, mar shampla Ciste Rachmais Náisiúnta na Rúise, cuirfear toirmeasc air.

2. Déanfar iarmhéideanna airgid a chomhfhreagraíonn do na sócmhainní agus do na cúlchistí dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhainistiú ar leithligh.

Airteagal 3

Tuairisciú

1. A mhéid nach gceanglaítear é cheana le forálacha eile de dhlí an Aontais, agus d'ainneoin na rialacha is infheidhme maidir le tuairisciú, rúndacht agus rúndacht ghairmiúil, déanfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach, bainc cheannais náisiúnta, eintitis earnála airgeadais mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), gnóthais árachais agus athárachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), taisclanna lárnacha urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus contrapháirtithe lárnacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) faisnéis a sholáthar don Choimisiún faoin 14 Márta 2026 maidir leis na sócmhainní agus na cúlchistí dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo atá ina seilbh acu nó atá á rialú acu nó ar contrapháirtí iontu iad. Tabharfar an fhaisnéis sin cothrom le dáta gach 3 mhí agus áireofar an méid seo a leanas ar a laghad inti:

(a) faisnéis lena n-aithnítear na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a bhfuil na sócmhainní agus na cúlchistí sin faoi úinéireacht, ina seilbh nó faoi rialú acu, lena n-áirítear ainm, seoladh agus clárú CBL nó uimhir aitheantais chánach;

(b) méid nó margadhluach na sócmhainní agus na gcúlchistí sin ar dháta an tuairiscithe;

(c) na cineálacha sócmhainní nó cúlchistí chomh maith le cripteashócmhainní agus catagóirí ábhartha eile sócmhainní, lena n-áirítear sócmhainní nach airgead iad. I gcás gach ceann de na catagóirí sin, agus i gcás ina bhfuil fáil orthu, léireofar gnéithe ábhartha mar atá cainníocht, suíomh, airgeadra, aibíocht agus coinníollacha conarthacha idir an t-eintiteas tuairiscithe agus úinéir na sócmhainne.

2. I gcás inar shuigh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht a dhéanann an tuairisciú caillteanas nó damáiste urghnách gan choinne do na sócmhainní agus do na cúlchistí dá dtagraítear in Airteagal 2, tuairisceofar an fhaisnéis sin láithreach don Choimisiún.

3. Comhoibreoidh na Ballstáit, chomh maith leis na daoine nádúrtha agus dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí a chumhdaítear leis an oibleagáid tuairiscithe a leagtar amach san Airteagal seo, leis an gCoimisiún in aon fhíorú ar an bhfaisnéis a gheofar. Féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis bhreise a theastaíonn uaidh a iarraidh chun an fíorú sin a dhéanamh. Nuair atá an iarraidh sin dírithe ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, déanfaidh an Coimisiún í a tharchur go comhuaineach chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha. Cuirfear aon fhaisnéis a gheobhaidh an Coimisiún ar fáil don Bhallstát ábhartha.

4. Aon fhaisnéis a sholáthraítear don Choimisiún nó d'údaráis inniúla na mBallstát nó aon fhaisnéis a fhaigheann siad i gcomhréir leis an Airteagal seo, úsáidfidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát an fhaisnéis sin chun na gcríoch ar soláthraíodh dóibh í nó a bhfuarthas í, agus chun na gcríoch sin amháin.

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([8]) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj).

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/909/oj).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj).

5. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta, is i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialacháin (AE) 2016/679 ([11]) agus (AE) 2018/1725 ([12]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanfar í agus ní dhéanfar í ach amháin a mhéid is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus chun comhoibriú éifeachtach idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 4

Coimircí

1. Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a raibh éifeacht ar a fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, ag na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht ná aon éileamh eile mar sin, mar shampla éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ráthaíocht nó slánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é gur éilimh iad arna ndéanamh ag Cónaidhm na Rúise, na daoine dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 nó daoine atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreoir. Ní dhéanfar aon chinneadh breithiúnach, eadrána ná riaracháin a gheobhaidh Cónaidhm na Rúise, na daoine dlítheanacha, na comhlachtaí agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 ná daoine atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreoir i dtaca leis na bearta in Airteagal 2 a aithint, éifeacht a thabhairt dóibh ná a fhorfheidhmiú san Aontas fad a bheidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

2. In aon imeachtaí chun éileamh a fhorfheidhmiú, is faoin duine atá ag iarraidh an t-éileamh sin a fhorfheidhmiú a bheidh sé a chruthú nach dtoirmeasctar an t-éileamh a shásamh le mír 1.

3. Tá mír 1 gan dochar don cheart atá ag na daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 chun athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Athbhreithniú

Faoin 31 Nollaig 2026, agus gach 12 mhí ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar phríomhthorthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid na Comhairle. Leis an athbhreithniú sin, measfar freisin an bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha san Aontas agus sna Ballstáit fós ag baint le hacmhainní suntasacha a chur ar fáil don Rúis chun go leanfaidh an Rúis de na gníomhaíochtaí atá ar bun aici i gcomhthéacs a cogaidh fhoghaigh ar an Úcráin, nó an bhfuil bagairt ann go bhféadfadh na deacrachtaí sin a bheith ann, agus measfar an bhfuil an baol ann fós go dtiocfaidh tuilleadh meatha tromchúisigh ar an staid eacnamaíoch san Aontas agus sna Ballstáit.

Airteagal 6

Bearta a chur i bhfeidhm go sealadach

1. Beidh na bearta in Airteagail 2 go 5 sealadach. Coinneofar ar bun iad fad a bheidh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha san Aontas agus sna Ballstáit ag baint le cur ar fáil na n-acmhainní suntasacha don Rúis chun leanúint dá gníomhaíochtaí i gcomhthéacs a cogaidh fhoghaigh ar an Úcráin, nó fad a bhfuil bagairt ann go bhféadfadh na deacrachtaí sin a bheith ann, agus fad a bheidh an baol fós ann go dtiocfaidh tuilleadh meatha thromchúisigh ar an staid eacnamaíoch san Aontas agus sna Ballstáit i gcónaí. Chuige sin, scoirfidh na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo d'fheidhm a bheith acu nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) cuireann an Rúis deireadh lena cogadh foghach ar an Úcráin;

(b) cuireann an Rúis cúiteamh ar fáil don Úcráin a mhéid is gá chun go bhféadfar atógáil a dhéanamh gan iarmhairtí díobhálacha eacnamaíocha ná airgeadais a bheith ann don Aontas; agus

([11]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(c) scoireann gníomhaíochtaí na Rúise i gcomhthéacs a cogaidh fhoghaigh ar an Úcráin go hoibiachtúil de bheith ina riosca tromchúiseach de mhórdheacrachtaí do gheilleagar an Aontais agus a Bhallstát.

2. Chun cineál sealadach na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 2 go 4 a áirithiú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, agus an tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 5 á cur san áireamh, an Rialachán seo a leasú, lena n-áirítear trí fhorálacha iomchuí, fíor-riachtanacha agus sealadacha a ghlacadh chun foirceannadh ordúil na mbeart sin a áirithiú, agus an gá le leasanna dlisteanacha oibreoirí an Aontais agus na mBallstát a chosaint á chur san áireamh.

Airteagal 7

Foráil chríochnaitheach

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE